

TEILIFÍS NA GAEILGE

TÉARMAÍ TRÁDÁLA

RÉAMHRÁ

Corpraítear na Téarmaí Trádála seo i ngach Conradh um Choimisiúnú Cláir agus dá bhrí sin tá siad ina gceangal dlí ar Léiritheoirí a dhéanann conarthaí den sórt sin le TG4. Faoi réir mír 26 de na Treoirlínte sin iarrtar ar Léiritheoirí Treoirlínte TG4 do Léiritheoirí a thabhairt dá n-aire mar chúlra do na Téarmaí Trádála seo. Leanann na Téarmaí ord Threoirlínte TG4. Déantar na focail agus na habairtí a úsáidtear sna Téarmaí Trádála seo a mhíniú i mír 26.

1. SONRAÍOCHTAÍ CLÁIR AGUS SCEIDEAL LÉIRIÚCHÁIN

1.1. Geallann an Léiritheoir an Clár a léiriú don Bhuiséad de réir fhorálacha an Chonartha um Choimisiúnú Cláir agus de réir an Sceidil Léiriúcháin agus geallann an Léiritheoir an tÁbhar Seachadta a sheachadadh ar TG4 faoin Dáta Seachadta.

1.2. Beidh na Gnéithe Riachtanacha sa Chlár agus léireofar é ag na súimh agus na stiúideoanna a shonraítear (más ann) sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir de réir na Sonraíochtaí Teicniúla.

1.3. Ní dhéanfar aon ionadú, leasú nó athrú nó aon laghú maidir le Gnéithe Riachtanacha an Chláir nó maidir le haon chonradh le haon duine a ainmnítear mar Ghné Riachtanach gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ó TG4.

2. BUISÉAD AGUS SREABHADH AIRGID

2.1. Faoi réir chomhlíonadh théarmaí an Chomhaontaithe agus ar choinníoll nach mbeidh aon Imeacht Mainneachtana tar éis tarlú geallann TG4 go ndéanfaidh sí, ar shíniú an Chomhaontaithe, an céatadán den Bhuiséad a shonraítear mar shuim is iníoctha ar shíniú an Chonartha um Choimisiúnú Cláir a íoc leis an Léiritheoir agus an t-iarmhéid a íoc de réir Sceideal an tSreabhaidh Airgid.

2.2. Ní bheidh dliteanas ar TG4 aon suimeanna a íoc de bhun Sceideal an tSreabhaidh Airgid más rud é nach mbeidh tuairiscí costas curtha ar fáil ag an Léiritheoir ina dtugtar sonraí faoin gcaiteachas go léir suas go dtí an dáta iomchuí agus meastacháin mhionsonraithe ar na costais go dtí tráth críochnaithe an Chláir mar aon le cóip de na ráitis iomchuí a bhaineann leis an gCuntas Léiriúcháin.

2.3. Ní bheidh an tráthchuid dheireanach a shonraítear i Sceideal an tSreabhaidh Airgid iníoctha go dtí go mbeidh seachadadh sásúil faighte ag TG4 maidir le gach Ábhar Seachadta mar aon le ráitis ar chostas deiridh, cóipeanna de chuntais bhainc, arna réiteach agus arna gceadú, agus aon doiciméid eile a shonraítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir.

2.4. Barántaíonn an Léiritheoir go n-áirítear sa Bhuiséad costais forbartha chomhaontaithe más iomchuí agus go bhfuil gach costas díreach de chuid an Chláir ann, arna gceadú ag TG4, nach n-áireofar orthu, ar mhodh forchostais, ach na forchostais réasúnacha sin a cheadaítear de réir mhír 2.5 agus beidh táille léiriúcháin ann de réir mhír 5 chomh maith le táillí árachais, táillí dlí, táillí eile agus teagmhais de réir mhíreanna 6,7,8 agus 9 agus beidh sé leordhóthanach chun a chumasú don Léiritheoir an Clár a chríochnú agus a sheachadadh ar TG4 de réir na n-oibleagáidí a dtugann sé gealltanais sa Comhaontú ina leith.

2.5. Admhaíonn an Léiritheoir go ndearnadh ríomh forchaiteachas i slí nach mbainfidh siad ach le forchaiteachais maidir le léiriúcháin an Chláir agus nach mbainfidh siad le forchaiteachais ghinearálta an Léiritheora ná le caiteachais bunaithe, cothabhála ginearálta, riaracháin nó comhlíonta nó caiteachais eile a thabhaíonn cuideachtaí.

3. AN CUNTAS LÉIRIÚCHÁIN

3.1. Bunóidh an Léiritheoir Cuntas Léiriúcháin don Chlár agus aithneofar an Clár ann trína ainm a lua.

3.2. Ní dhéanfar aistarraingt ón gCuntas Léiriúcháin ach amháin i ndáil le léiriú an Chláir de réir tuairiscí léiriúcháin a sheachadfaidh an Léiritheoir ar TG4 agus is é ionadaí ceadaithe an Léiritheora nó an tlonadaí Léiriúcháin, agus iad sin amháin, a údaróidh aistarraingtí den sórt sin.

3.3. Déanfaidh an Léiritheoir treoracha dochúlghairthe a eisiúint i scríbhinn don bhanc ina bhfuil an Cuntas Léiriúcháin á cheangal ar an mbanc cóipeanna den sainordú bainc, de ráitis agus de gach doiciméad eile a bhaineann leis an gcuntas a sholáthar do TG4 nó dá hlonadaí Léiriúcháin. Cinnteoidh an Léiritheoir freisin go gceadaítear don Ionad Léiriúcháin, le téarmaí an tsainordaithe bainc, fógra a thabhairt don bhanc agus rialú aonair a ghlacadh chuige féin ar chaiteachas ón gCuntas Léiriúcháin. Cinnteoidh an Léiritheoir go ndéanfaidh an banc sin cibé foirm litreach nó daingniú eile a iarrfaidh TG4 a fhorghníomhú:-

3.3.1. ag eisiáimh feidhmiú ag an mbanc sin ar aon cheart conarthach maidir le fritháireamh i ndáil le hairgead sa Chuntas Léiriúcháin;

3.3.2. ag comhaontú aon eolas nó doiciméid a iarrtar i ndáil leis an gCuntas Léiriúcháin a sholáthar do TG4 agus/nó dá hlonadaí Léiriúcháin;

3.3.3. ag comhaontú go ndéanfaidh sé, díreach ar aon iarraidh a fháil ó TG4 nó óna hlonadaí Léiriúcháin, oibríocht an Chuntais Léiriúcháin a fhionraí agus nach gceadófar aon aistarraingtí eile dá éis sin gan daingniú sainráite a fháil i scríbhinn ó TG4 nó óna hlonadaí Léiriúcháin.

3.4. Déanfar na suimeanna go léir a chuirfidh TG4 ar fáil agus/nó a choimeádfar sa Chuntas Léiriúcháin a shealbhú ar iontaobhas do TG4 agus oibreofar an Cuntas Léiriúcháin ar leithligh ó aon chuntas eile de chuid an

Léiritheora nó aon cheann dá Chomhlaigh. Gach íocaíocht a dhéanfar ón gCuntas Léiriúcháin déanfar í d'aon toisc chun críocha léiriúcháin an Chláir agus beidh siad de réir an Bhuiséid fhoriomláin agus Sceideal an tSreabhaidh Airgid a shonraítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir. Ní dhéanfar aon íocaíocht le haon Chomhlach de chuid an Léiritheora ach amháin mar a fhoráiltear go sainráite sa Bhuiséad. Aon saoráidí nó seirbhísí airgid nach n-úsáidfeadh go hiomlán de réir na forála sin beidh siad, gan dochar d'aon chearta de chuid TG4 sa dlí nó faoin gComhaontú, inaisíoctha le TG4 agus/nó intugtha ar ais do TG4 díreach ar iad a éileamh.

3.5. Ní dhéanfar aon airgead seachas airgead atá le húsáid maidir le léiriú an Chláir a choimeád sa Chuntas Léiriúcháin agus ní cheadóidh an Léiritheoir airgead a chuirtear isteach sa chuntas sin a chóimheascadh le haon airgead eile leis an Léiritheoir nó lena Chomhlaigh nó a aistriú chuig aon chuntas eile de chuid an Léiritheora nó a Chomhlach.

3.6. Admhaíonn an Léiritheoir agus geallann sé a chur faoi deara nach iad sócmhainní, ná cuid de shócmhainní, an Léiritheora aon suimeanna a shealbhaítear ó am go chéile chun creidiúna an Chuntais Léiriúcháin agus nach mbeidh siad ar fáil ag an Léiritheoir ná ag a chreidiúnaithe i gcás ina dtarlódh scor trádála, leachtú, dócmhainneacht, ceapadh glacadóra nó leachtaitheora nó oifigigh eile maidir leis an Léiritheoir.

4. CONARTHAÍ LÉIRIÚCHÁIN

4.1. Déanfar gach Conradh Léiriúcháin de réir na dtéarmaí tráchtála neamhthuilleamaíochta is fearr agus beidh foráil iontu ag ceadú d'aon pháirtí a ainmneoidh TG4 (ráthóir maidir le críochnú, mar shampla) na cearta go léir is infheidhmithe ag an Léiritheoir de bhun Conarthaí Léiriúcháin den sórt sin a fheidhmiú. Má iarrann TG4 cóipeanna forghníomhaithe d'aon Chonradh Léiriúcháin beidh sí i dteideal iad sin a fháil laistigh de 14 lá ón iarraidh a dhéanamh.

4.2. Ní rachaidh an luach saothair is iníoctha de bhun na gConarthaí Léiriúcháin thar na méideanna a leithroinntear sa Bhuiséad agus ní bheidh sé iníoctha roimh an dáta a shonraítear sa Sceideal Léiriúcháin.

4.3. Maidir le táillí athchraolta, iarmharacha nó ataispeána, is ceart gur nithe eisceachtúla ar fad iad agus is ceart iad a fhorchoimeád do thaibheoirí agus do scríbhneoirí gairmiúla atá ina mbaill de Actors' Equity, den Musicians Union agus den Society of Irish Playwrights más rud é go ndéantar foráil i gcomhaontuithe, arna ndéanamh idir TG4 agus na heagraíochtaí gairme sin, maidir le táillí iarmharacha den sórt sin a íoc.

4.4. Beidh an Fhoireann Léiriúcháin go léir agus úinéirí gach cirt cóipchirt agus gach cirt eile in aon ábhar litríochta, drámaíochta, ceoil nó ealaíne, nó maidir leis, a úsáidtear nó a léirítear i ndáil leis an gClár tar éis tarscaoileadh dochúlghairthe gan choinníollacha a dhéanamh ar gach ceart morálta a d'fhéadfadh na daoine sin a bheith ina dteideal faoi aon reachtaíocht láithreach

nó a achtófar amach anseo in aon chuid den domhan agus, i leith na gceart a dheonaítear do TG4 faoin gComhaontú, beidh deonú dochúlghairthe gan choinníollacha faighte ag an Léiritheoir agus ag a chomharbaí, shannaithe agus cheadúnaithe nó ag a gcomharbaí, sannaithe agus gceadúnaithe maidir le gach toiliú, cead agus ceadúnas ó thaibheoirí agus eile a cheanglaítear a fháil de bhun aon dlíthe in aon chuid den domhan i ndáil leis an gClár.

4.5. Beidh gach duine a dtaispeántar a n-ainmneacha, a bpictiúir nó a mbeathaisnéisí sa Chlár nó in aon ábhar a bhaineann leis tar eis a dtoiliú a thabhairt le saothrú an Chláir agus an fho-ábhair, an ábhair choimhdigh agus an ábhair mharsantaigh go léir a chorpraítear nó a dhíorthaíonn ón gClár ar fud an domhain gan srian ná teorainn seachas íoc táillí agus íocaíochtaí iarmharacha agus athchraolta má cheadaítear amhlaidh de bhun mhír 4.3.

4.6. Maidir le gach comhaontú a bhaineann le húsáid aon ábhair cóipchirt le tríú páirtithe agus atá le húsáid sa Chlár nó i ndáil leis beidh siad de réir na dtéarmaí sin a cheadóidh saothrú an Chláir sna Meáin Réamhíoctha gan íocaíocht eile a bheith ann agus sna meáin go léir eile ar aon mhodh nó slí ar fud an domhain ar feadh thréimhse iomlán an chóipchirt. Comhaontaíonn an Léiritheoir go mbeidh gach comhaontú a bhaineann le húsáid ceirníní téipeanna dlúithcheirníní tráchtála nó aon ábhar eile d'aon chineál faoi réir ceadú a fháil roimh ré ó TG4 roimh fhorghníomhú.

4.7. Ní dhéanfaidh an Léiritheoir gealltanais a thabhairt i leith chreidiúint TG4 ná ní dhéanfaidh sé é féin a thuarisciú mar ghníomhaire TG4 in aon chuid dá ghnó i ndáil leis an gClár ná i slí eile.

4.8. Cinnteoidh an Léiritheoir go n-áireofar sna Conarthaí Léiriúcháin do gach pearsa aonair a liostaítear a n-ainmneacha mar Ghnéithe Riachtanacha socrú á cheangal orthu, faoi réir aon réamhgealltanais gairmiúil atá curtha in iúl acu, 2 láithreas pearsanta an duine a dhéanamh ag cibé imeachtaí a ainmneoidh TG4 agus a bhaineann le fógraíocht agus/nó poiblíocht don Chlár, gan aon táille ach sin faoi réir TG4 d'aisíoc a gcaiteachas réasúnach réamhcheadaithe agus faoina réir sin amháin. Ar iarratas ó TG4, feidhmeoidh an Léiritheoir cearta conarthacha an Léiritheora lena áirithiú go láithreoidh na pearsana aonair go léir i bpearsa ag na himeachtaí sin go léir a ainmneoidh TG4.

5. TÁILLE LÉIRIÚCHÁIN

5.1. Faoi réir mhíreanna 5.2 agus 5.3 beidh an Léiritheoir i dteideal an Táille Léiriúcháin a asbhaint agus a choimeád as suimeanna ar cuid den Bhuiséad iad de réir na dtráthchodanna agus ar na dátaí a shonraítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir de réir Sceideal an tSreabhaidh Airgid.

5.2. Admhaíonn an Léiritheoir go ndearnadh an Táille Léiriúcháin a shonraítear a ríomh go cothrom faoi threoir líon áirithe factóirí athraitheacha lena n-áirítear méid na hoibre arna déanamh do TG4 ó am go chéile ag an Léiritheoir, aon ranníoc airgeadais arna dhéanamh ag an Léiritheoir i gcomhair an Chláir, castacht, fad agus scála an Chláir agus tionscnóir an choincheapa don Chlár.

5.3. Ní bheidh an Léiritheoir i dteideal aon chuid den Táille Léiriúcháin a fháil mura bhfuil forálacha mhír 2.2 comhlíonta aige.

5.4. Ní bheidh an chuid deiridh d'aon Táille Léiriúcháin iníoctha go dtí go mbeidh gach ítim a luaitear i mír 2.3 faighte ag TG4 agus más rud é nach seachadfar na hítimí sin ar TG4 aisíocfaidh an Léiritheoir le TG4, ar éileamh uaithe, gach suim a íocadh leis an Léiritheoir ar mhodh Táille Léiriúcháin.

6. ÁRACHAS

6.1. Geallann an Léiritheoir go gcuirfidh sé i gcrích árachas caighdeánach léiriúcháin maidir leis an gClár de réir na dTearmaí Trádála seo. Beidh an ceart ag an Léiritheoir páirt a ghlacadh in aon scéim chuimsitheach árachais léiriúcháin a shocróidh TG4 ó am go chéile ach beidh sé saor gan páirt a ghlacadh i scéim den sórt sin ar choinníoll go bhfaighidh an Léiritheoir clúdach inchomórtais ar phréimh inchomórtais agus beidh na nithe sin, i ngach cás, faoi réir ceadú a fháil roimh ré ó TG4. Áireofar sa Bhuiséad an costas a ghabhann le gach préimh árachais cheadaithe.

6.2. Gheobhaidh an Léiritheoir clúdach árachais leor dhóthanach don Chlár maidir le foireann, claonchló, stoc/téip lochtach, fearas, láithreáin, feistis, trealamh, caiteachas breise, damáiste do mhaoin tríú páirtí, ábhair oifige mar aon le cibé árachas eile a theastódh le réasún ó TG4 nó le dlí agus dlíteanas ginearálta i leith cibé méideanna is gá chun clúdach iomlán a sholáthar do TG4 maidir le gach suim a airleacfaidh TG4 i ndáil leis an gClár.

6.3. I ngach polasaí árachais a bhaineann leis an gClár déanfar leas TG4 a nótaíl mar árachaí ainmnithe agus íocaí i gcás caillteanais.

6.4. Déanfar cóipeanna de gach doiciméad i ndáil le polasaithe árachais a chur ar fáil do TG4 ar sin a iarraidh agus íocfaidh an Léiritheoir gach préimh i ndáil le polasaithe árachais agus tabharfaidh an Léiritheoir fógra do TG4 faoi aon éileamh a bhaineann le haon pholasaí árachais agus ní shocrófar aon éileamh gan toiliú a fháil i scríbhinn ó TG4.

6.5. Comhoibreoidh an Léiritheoir go hiomlán le TG4 agus déanfaidh sé gach beart a iarfaidh TG4 maidir le haon éileamh árachais. Ní cheadaítear aon fhoráil a bhaineann le haon pholasaí árachais a athrú nó a tharscaoileadh gan toiliú a fháil roimh ré i scríbhinn ó TG4.

7. TÁILLÍ DLÍ

7.1. Geallann an Léiritheoir breithniú a dhéanamh i dtaobh an mhéid comhairle dlí a bheidh ag teastáil maidir leis an gClár agus gach comhairle dhlí is gá a fháil agus gníomhú go críonna de réir na comhairle sin.

7.2. Sa mhéid gur mó an costas a ghabhann le comhairle dhlí a fháil ná an méid a ndéantar soláthar dó sa Bhuiséad beidh an Léiritheoir freagrach as an gcéanna a íoc as an Táille Léiriúcháin nó as acmhainní eile an Léiritheora.

7.3. Admhaíonn an Léiritheoir nach bhfuil an méid a leithroinntear sa Bhuiséad i gcomhair táillí dlí beartaithe chun soláthar iomlán a dhéanamh do gach táille dhlí a thabhóidh an Léiritheoir. Baineann roinnt de na caiteachais sin le caiteachas ginearálta an Léiritheora maidir leis an gClár agus tá siad iníoctha as an Táille Léiriúcháin agus tá cuid díobh le hÍoc as acmhainní dílse an Léiritheora (mar shampla táillí dlí maidir le corprú an Léiritheora nó maidir leis an gConradh um Choimisiúnú Cláir nó maidir le cúnamh i dtaca le ceisteanna ginearálta tionscail).

8. TÁILLÍ COMHLACHAIS TRÁDÁLA

Geallann TG4, i gcomhar leis an Léiritheoir, go ndéanfaidh sí, ó am go chéile dá rogha féin, cúnamh réasúnach a thabhairt do chomhlachais trádála maidir le bailiú táillí is iníoctha leo nó lena gcomhaltaí ar choinníoll nach mbeidh táillí den sórt sin ina muirear breise ar an mBuiséad agus, freisin, ar choinníoll go síneoidh an Léiritheoir, agus/nó go gcuirfidh sé faoi deara go síneoidh gach duine iomchuí, gach treoir iomchuí a iarrfaidh TG4.

9. TEAGMHAIS

Admhaíonn an Léiritheoir nach bhfuil soláthar déanta i Sceideal an tSreabhaidh Airgid d'aon ghné theagmhasach den Bhuiséad agus nach gcuirfear ar fáil í mura bhfuil gá léi. Más rud é nach bhfuil gá leis an ngné theagmhasach den Bhuiséad coimeádfaidh TG4 í ina hiomláine. Geallann an Léiritheoir gach iarracht a dhéanamh le go seachnófar caitheamh airgid theagmhasaigh.

10. RÓCHAITHEAMH

10.1. Más rud é, ag aon chéim den léiriúchán, gur dóigh go rachaidh Costas Léiriúcháin an Chláir thar an mBuiséad nó go bhfuil, nó gur dóigh go mbeidh, léiriúchán an Chláir ar gcúl de réir Sceideal an Léiriúcháin déanfaidh an Léiritheoir fógra i scríbhinn a thabhairt láithreach do TG4 agus geallann TG4 bualadh leis an Léiritheoir d'fhonn bealaí a scrúdú chun an staid a réiteach.

10.2. Má bhíonn róchaitheamh iarbhír nó ionchasach ann déanfaidh an Léiritheoir sonraí iomlána maidir le gach costas a thabhaíodh agus gach dliteanas is dóigh a rachfar fúthu chun an Clár a chríochnú, mar aon le hathbhreithniú mionsonraithe ar an Sceideal Léiriúcháin agus ar an mBuiséad don Clár, a ullmhú agus a chur faoi bhráid TG4 agus buailfidh sé le TG4 agus déanfaidh sé de réir na dtreoracha go léir a thabharfaidh TG4 maidir le léiriúchán an Chláir.

10.3. Íocfaidh an Léiritheoir gach costas agus dliteanas arna dtabhú i ndáil leis an gClár a léiriú agus a sheachadadh, lena n-áirítear, gan teorainn, Costas an

Léiriúcháin agus má thabhaítear aon chostais i ndáil leis an gClár atá os cionn an Bhuiséid ansin, mura luaitear a mhalairt go sainráite sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir, íocfaidh an Léiritheoir an róchaitheamh, sa chéad áit, as an ngearrchaitheamh i réimsí eile den Bhuiséad, sa dara háit, as aon airgead teagmhasach a airleacadh agus, sa tríú háit, as an Táille Léiriúcháin agus as acmhainní eile an Léiritheora.

10.4. I gcás ina gcomhaontóidh TG4 ranníoc a thabhairt i gcomhair chostas aon róchaithimh admhaíonn an Léiritheoir go mbeidh an ceart ag TG4 an tslí a shonrú ina ndéanfar an ranníoc sin a aisíoc as fáltais nó brabúis nó ioncam eile a gheofar ón gClár.

11. SCAIR NA gCOIGILTEAS

11.1. Admhaíonn an Léiritheoir go bhféadfadh sé, i gcás Cistí Barrachais a bheith ann maidir le haon Chlár, go bhfuil na Cistí Barrachais sin ann mar gheall ar thíos agus dea-bhainisteoireacht an Léiritheora, agus air sin amháin, nó go bhfuil siad ann mar gheall ar nithe eile. Admhaíonn an Léiritheoir go gcinnfidh TG4, dá rogha féin, teideal an Léiritheora chun scair a fháil den chéatadán de Chistí Barrachais a shonraítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir.

11.2. Féadfar na nithe seo a leanas a chur san áireamh mar ghnéithe atá le cur i bhfeidhm ag TG4 dá rogha féin le linn cinneadh a dhéanamh maidir le teideal an Léiritheora chun scair de Chistí Barrachais a fháil:-

11.2.1. ní mór do TG4 a bheith sásta nár tharla aon laghdú gan ghá ar chostas aon ítime Buiséid a thabhaítear nó aon laghdú nó athrú ar luach eagarthóireachta agus léiriúcháin an Chláir mar atá luaite sa togra don chlár;

11.2.2. d'fheadfadh sé go gceanglóidh TG4 "caipín" a chur ar mhéid pháirteachas an Léiritheora i gCistí Barrachais i gcás Buiséid mhóir nó léiriúcháin fhadtéarmaigh nó i gcás inar cuireadh Buiséad le chéile faoi luas nó gan sonraíochtaí cláir sách-mionsonraithe a bheith ann nó i gcás go bhféadfaí coigilteas a dhéanamh de bhreis air sin a bhainfí amach sa ghnáthshlí trí thíos agus dea-bhainisteoireacht amháin;

11.2.3. ní cuid de Chistí Barrachais aon soláthar a dhéantar le haghaidh ítimí sonracha a bhfuiltear ag súil leo d'fhonn an Clár a chríochnú agus a sheachadadh ach ar ítimí iad nach mbíonn gá leo;

11.2.4. ní cuid de Chistí Barrachais, de ghnáth, aon soláthar a dhéantar le hintinn mhaith sa Bhuiséad agus nach mbíonn gá leis ar chor ar bith nó a laghdaítear go mór de thoradh nithe seachas bainistíocht agus dea-bhainisteoireacht an Léiritheora.

11.3. Más rud é gur lú Costas Léiriúcháin an Chláir ná an Buiséad déanfar aon Chistí Barrachais lena n-áirítear, gan teorainn, aon airgead a gheofar as díol fearas nó ábhar fisiciúil eile, a shealbhú ar iontaobhas do TG4 agus aisíocfar le TG4 iad ar an dáta seachadta nó laistigh de 14 lá ón dáta a tharlaíonn an

barrachas sin más déanaí ná an dáta seachadta é. Fanfaidh gach ábhar fisiciúil neamhdhíolta de bheith ina chuid de mhaoin TG4.

12. URRAÍOCHT

12.1. Geallann an Léiritheoir nach rachaidh sé chuig aon urra ná nach ndéanfaidh sé aon chaibidlíocht nó comhaontú le urra gan toiliú a fháil roimh ré i scríbhinn ó TG4.

12.2. Ní ghlacfaidh an Léiritheoir le saorsholáthar earraí nó seirbhísí ó aon duine maidir leis an gClár nó ní dhéanfaidh sé, thairis sin, aon earraí nó seirbhísí a thaispeáint in ionad feiceálach sa Chlár gan toiliú a fháil ó TG4. Beidh aon earraí nó seirbhísí den sórt sin ina maoin aonair de chuid TG4 agus déanfar an céanna (nó a luach airgid ar an margadh oscailte) a chur ar fáil do TG4 ar sin a éileamh.

12.3. Comhlíonfaidh an Léiritheoir Treoirilínte agus Rialacháin Urraíochta TG4 mar a eisítear agus a leasaítear iad ó am go chéile agus, go háirithe, gheobhaidh sé ceadú ó TG4 roimh ré maidir le haon admhálacha nó sochair d'aon chineál a bheidh ag teastáil ó aon urra Cláir nó imeachta nó ó aon eagraíocht eile a bhfuil baint aici leis an gClár.

13. RÁTHAÍOCHTAÍ MAIDIR LE CRÍOCHNÚ

13.1. Beidh an ceart ag TG4 ráthóir um chríochnú a cheapadh maidir leis an gClár. Geallann an Léiritheoir go ndéanfaidh sé go pras gach socrú conarthach agus gach socrú urraíochta a cheanglóidh an ráthóir um chríochnú agus/nó TG4 agus go gcomhoibreoidh sé go hiomlán leis an ráthóir um chríochnú agus go dtabharfaidh sé gach eolas agus cúnamh a bheidh ag teastáil le réasún chun a chur faoi deara go ndéantar an Clár a chríochnú agus a sheachadadh go tráthúil.

13.2. Ní Cistí Barrachais aon lacáistí maidir le táillí ráthaíochta i gcomhair críochnú agus aisíocfar iad le TG4 ina n-iomláine.

14. RIALÚ EAGARTHÓIREACHTA

14.1. Beidh freagracht ar TG4 maidir le rialú eagarthóireacht críochnaitheach ar an gClár agus beidh TG4 dá rogha féin amháin agus ar a costas féin (ach sin faoi réir mhír 16) tar éis dul i gcomhairle leis an Léiritheoir i dteideal cibé scriosadh nó breisiú a dhéanamh ar an gClár a bheidh ag teastáil uathí. Má dhéanann an Léiritheoir agóid in aghaidh athruithe den sórt sin is é an t-aon leigheas atá aige ná a cheangal go mbainfear creidiúint an léiriúcháin agus an Léiritheora den Chlár.

14.2. Comhlíonfaidh an Clár gach dlí agus rialacháin is infheidhme maidir le léiriúchán clár teilifíse agus comhlíonfaidh sé na treoirilínte go léir arna n-eisiúint ó am go ham ag TG4 maidir leis an nGaeilge agus maidir le nithe eile.

14.3. Geallann an Léiritheoir, mar oibleagáid ábhartha, go léireoidh sé an Clár de réir na gcaighdeán is airde atá ar fáil ionas go gcinnteofar go bhfuil sé oiriúnach mar ábhar atá le húsáid ar an teilifís.

14.4. Déanfar an Clár a scannánú nó a fhís-scannánú agus a thaifeadadh i nGaeilge ar choinníoll go bhféadfaidh gnéithe a bheith sa Chlár nach bhfuil i nGaeilge i gcás inar gá sin mar gheall ar chritéir chruthaitheachta an Chláir.

15. FAIREACHAS AR LÉIRIÚCHÁN

15.1. Beidh an ceart ag TG4 faireachas a dhéanamh ar léiriúchán an Chláir a mhéid a bhaineann le cúrsaí eagarthóireachta agus airgeadais araon, agus beidh an ceart aici daoine a ainmniú mar lonadaithe Léiriúcháin maidir leis an gClár. Cinnteoidh an Léiritheoir go mbeidh rochtain ag an lonadaí Léiriúcháin ar gach duine iomchuí den fhoireann a bhfuil baint aige le léiriúchán an Chláir agus ar gach Suíomh agus Stiúideo agus go dtabharfar dó gach eolas a iarrfaidh an tlonadaí Léiriúcháin sin nó TG4 maidir le léiriúchán an Chláir. Cuirfidh an Léiritheoir faoi deara go bhfreastalóidh an Fhoireann Léiriúcháin go léir ar cibé líon réasúnach cruinnithe a iarrfaidh TG4 nó a hionadaí ag cibé ionad réasúnacha chun aon ábhair a phlé maidir leis an gClár.

15.2. Cuirfidh an Léiritheoir faoi deara go dtabharfar do gach lonadaí Léiriúcháin cóipeanna de gach doiciméad agus eolas a iarrfar agus déanfaidh sé sonraí faoi gach dáta, am agus suíomh a bheidh ann chun ábhar gan eagarthóireacht agus garbhghearrthaí a thaispeáint agus réamhthaispeántí a dhéanamh, a thabhairt a mhéid a bhaineanna leis an gClár, agus tabharfaidh sé freagra, laistigh de 24 huair, ar aon iarrataí ar eolas ón lonadaí Léiriúcháin agus déanfaidh sé, laistigh den am sin, gach eolas a thabhairt do TG4 atá ar fáil agus cuirfidh sé in iúl cad iad na bearta atá á nglacadh chun eolas breise a fháil.

15.3. Déanfaidh an Léiritheoir tuairiscí costas agus sceidil sreabhaidh airgid a sheachadadh i cibé foirm a iarrfaidh TG4 nó a hlonadaí Léiriúcháin mar thacaíocht le gach sonrasc a chuirtear isteach chuig TG4 i gcomhair íocaíochta agus ag cibé trathanna eile a iarrfaidh TG4 ar choinníoll go mbeidh fógra 5 lá ag an Léiritheoir chun tuairiscí costas a ullmhú agus a thíolacadh do TG4 i cibé foirm a chuirfear in iúl don Léiritheoir an tráth sin nó sula ndéantar an iarraidh.

16. COSTAIS A GHABHANN LE hATHRUITHE EAGARTHÓIREACHTA

Má cheanglaíonn TG4 ar an Léiritheoir obair bhreise a dhéanamh de thoradh chinntí eagarthóireachta TG4 arna gcur in iúl don Léiritheoir tar éis ceadú a thabhairt maidir le leagan cruinnghearrtha/aslíne le heagarthóireacht den Chlár íocfaidh TG4 as gach costas riachtanach a ghabhann le hobair bhreise den sórt sin ar choinníoll go gcomhlíonann an Clár, mar a rinneadh, forálacha an Chomhaontaithe.

17. CÓIPCHEART AGUS CEARTA CRAOLACHÁIN

17.1. Le héifeacht ón am cruthaithe dílseoidh gach Ábhar Seachadta agus gach ábhar eile a bhaineann leis an gClár i TG4 agus fanfaidh siad in úinéireacht TG4 a comharbaí a sannaithe agus a ceadúnaithe go suthain. Déanann an Léiritheoir leis seo, mar dhéantóir an Chláir, an cóipcheart sa Chlár sa Chríoch a dheonú agus a shannadh do TG4 (lena n-áirítear más infheidhme sannadh láithreach chóipcheart todhchaí) ar feadh tréimhse dar tosach dáta an Chomhaontaithe agus dar críoch 5 bliana agus 7 lá ón dáta a chéadchraoltar an Clár. Dá éis sin rachaidh an cóipcheart ar ais chuig an Léiritheoir mura gcomhaontaítear a mhalairt idir na páirtithe sa Chonradh seo.

17.2. Barantaíonn an Léiritheoir go mbeidh cearta Teilifíse neamhshrianta ag TG4 sa Chlár laistigh den Chríoch ar feadh théarma 5 bliana agus 7 lá ón dáta a chéadchraoltar an Clár agus an dáta sin san áireamh. Comhaontaíonn an Léiritheoir freisin caibidlíocht a dhéanamh le TG4, ar iarratas uaithe, maidir le haon chraoladh beartaithe den Chlár tar éis don téarma 5 bliana agus 7 lá dá dtagraítear do dhul in éag.

17.3. Gan dochar d'aon chearta eile arna ndeonú do TG4 comhaontaíonn an Léiritheoir agus admhaíonn sé freisin go bhféadfaidh TG4 aon tráth, ar a n-áirítear aon tráth tar éis don téarma 5 bliana agus 7 lá sin do dhul in éag:

17.3.1. sleachta as an gClár a chraoladh agus a theilifísiú, nó a chur faoi deara nó a údarú craoladh agus teilifísiú den sórt sin a dhéanamh, ar choinníoll nach faide ná 5 nóiméad fad gach sleachta. Beidh feidhm gan teorainn ag na cearta sin maidir le poiblíocht réamhchraolta maidir le tuairisciú réamhchraolta agus iarchraolta agus maidir le cláir léirmheasta, chartlainne, staire, oideachais, nuachta agus chúrsaí reatha;

17.3.2. an Clár nó sleachta as a chraoladh agus a theilifísiú, nó a chur faoi deara nó a údarú craoladh agus teilifísiú den sórt sin a dhéanamh lena n-úsáid d'aon toisc chun críocha oideachais nó taighde.

17.4. D'fhonn ríomh a dhéanamh ar dhliteanas TG4 nó an Léiritheora, más ann, maidir le híocaíochtaí den chineál dá dtagraítear i mír 4.3 a dhéanamh le daoine den Fhoireann Léiriúcháin measfar go bhfolaíonn craoladh aonair gach craoladh den Chlár ó tharchuradóirí atá faoi rialú TG4 nó ar fáil aici cibé acu comhuaineach nó neamhchomhuaineach laistigh de thréimhse 7 lá.

17.5. Daingníonn an Léiritheoir nach craoladh, chun críocha an Chomhaontaithe, úsáid an Chláir ag TG4 chun críocha tarchur trialach cibé acu roimh thosú ar chraoladh ag TG4 nó dá éis sin.

18. CINSIREACHT AGUS ÁBHAR CREIDIÚNA

18.1. Beidh sa Chlár cibé cineál creidiúna scáileáin don Léiritheoir a bheidh sonraithe ag TG4 sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir mar aon le haon chreidiúint a éileoidh TG4 maidir le haon léiritheoir feidhmeannach. Ní cheadófar aon chreidiúintí scáileáin eile maidir leis an gClár seachas iad sin a bhfuil gá sainráite leo de bhun Conarthaí Léiriúcháin agus atá ceadaithe ag TG4.

18.2. Déanfar lógó closamhairc TG4 a chur isteach, ó am go chéile, ag tús an Chláir tráth na gcéad chreidiúintí agus tar éis na gcreidiúintí ag deireadh an Chláir.

18.3. Comhlíonfaidh an Clár gach oibleagáid chonarthaigh maidir le creidiúintí nach mór a bheith ann i gcás tríú páirtithe agus beidh fógra ann freisin ina n-ainmnítear TG4 mar úinéir an chóipchirt.

18.4. Ní sárú ar an gComhaontú aon chorrhainneachtain nó aon mhainneachtain neamhbheartaithe de chuid TG4 nó aon tríú páirtí déanamh de réir fhorálacha creidiúna an Chomhaontaithe agus admhaíonn an Léiritheoir gur damáistí an t-aon leigheas amháin maidir le haon sárú eile ar aon cheann d'fhorálacha creidiúna an Chomhaontaithe agus nach mbeidh an Léiritheoir i dteideal faoiseamh urghaireach mar gheall ar aon mhainneachtain líomhnaithe de chuid TG4 nó aon tríú páirtí an chreidiúint a thabhairt a bhfuil foráil ann ina leith. Geallann an Léiritheoir, thairis sin, go bhfuil foráil den tsamhail chéanna ar áireamh i ngach Conradh Léiriúcháin idir an Léiritheoir agus an Fhoireann Léiriúcháin.

19. DÁILIÚCHÁIN, FOGRAÍOCHT AGUS POIBLÍOCHT

19.1. Tugann an Léiritheoir do TG4 an ceart aonair eisiatach dochúlghairthe chun an Clár a dháileadh agus a shaothrú sa Chríoch ar feadh thréimhse 5 bliana agus 7 lá ón dáta a chéadchraoltar an Clár in Éirinn ar aon mhodh nó slí agus in aon cheann agus gach ceann de na meáin. Comhaontaíonn an Léiritheoir freisin caibidlí a dhéanamh le TG4, ar iarratas uathu, maidir le haon chraoladh beartaithe den Chlár tar éis don téarma 5 bliana agus 7 lá dá dtagraítear thuas do dhul in éag.

19.2. Beidh ceart aonair ag TG4 chun 100% de na fáltais a éireoidh as an gClár sa Chríoch a bhailiú agus a ghlacadh agus geallann TG4, i gcomhar leis an Léiritheoir, an céatadán de na Glanbhrabúis dá bhforáiltear i mír 20.1 a íoc leis an Léiritheoir agus déanamh de réir na bhforálacha cuntasafóichta a shonraítear i míreanna 20.2 ags 20.3.

19.3. Admhaíonn an Léiritheoir go mbeidh údarás agus rialú iomlán ag TG4 ar dháileadh agus ar shaothrú an Chláir i ngach meán ar fud an domhain ach geallann TG4 dul i gcomhairle leis an Léiritheoir agus breithniú a dhéanamh le hintinn mhaith ar thuairimí an Léiritheora maidir le saothrú den sórt sin.

19.4. Tar éis Sheachadadh an Chláir tabharfaidh an Léiritheoir gach cúnamh agus treoir do TG4 chun a chumasú do TG4 an Clár a onnmhairiú agus iarratas a dhéanamh ar fhóirdheontais nó chuótaí tionscail nó ar nithe den tsamhail chéanna agus teideal sa Chlár agus/nó sna hÁbhair Seachadta a dhaingniú.

19.5. Ní bheidh an ceart ag an Léiritheoir aon ábhar fógraíochta nó poiblíochta maidir leis an gClár a eisiúint, ná socruithe a dhéanamh ina leith sin, ná ní bheidh an ceart ag an Léiritheoir aon aonad, poiblitheoir, oifigeach preasa nó aon fhoireann fhógraíochta nó chaidreamh poiblí eile a fhostú i ndáil leis an gClár gan toiliú a fháil i scríbhinn ó TG4 roimh ré.

19.6. Beidh an ceart ag TG4 socruithe a dhéanamh chun a cheadú do dhaoine d'fhoirne preasa agus poiblíochta agus do ghrianghrafadóirí grianghraif a thógáil, agallaimh a dhéanamh agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an bpreas agus le poiblíocht a dhéanamh le linn léiriúcháin an Chláir ag na Stiúideonna nó in aon suíomh eile agus geallann an Léiritheoir agus comhaontaíonn sé nach ligfidh ná nach gceadóidh sé d'aon duine aon ghrianghraf a thógáil nó aon taifeadadh nó agallamh a dhéanamh nó aon ghníomhaíocht phoiblíochta ná chaidreamh poiblí a dhéanamh a mbeadh aon duine den Fhoireann Léiriúcháin páirteach inti cibé acu sna Stiúideonna nó ar shlí eile gan toiliú a fháil i scríbhinn ó TG4 roimh ré.

19.7. Geallann an Léiritheoir agus comhaontaíonn sé cibé seirbhísí fógraíochta agus poiblíochta a thabhairt i dtaca leis an gClár a iarrfaidh TG4 le réasún ach sin faoi réir a chaiteachais réasúnacha réamhcheadaithe a aisíoc leis an Léiritheoir.

20. GLANBHRABÚIS AGUS CUNTASAÍOCHT

20.1. Faoi réir comhlíonadh iomlán tráthúil ag an Léiritheoir maidir lena oibleagáidí sa Chomhaontú geallann TG4 an céatadán sin de Ghlanbhrabúis a fhaigheann TG4 maidir leis an gClár agus a shonraítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir a íoc leis an Léiritheoir.

20.2. Déanfaidh TG4, laistigh de 45 lá tar éis an 31 Márta, an 30 Meitheamh, an 30 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig gach bliain, ráiteas cuntas a thabhairt don Léiritheoir ar ráiteas é a bhainfidh leis an tréimhse trí mhí roimhe sin agus ina dtaispeánfar gach suim atá dlite don Léiritheoir de réir fhorálacha an Chomhaontaithe agus beidh ag gabháil le gach ráiteas íocaíocht an mhéid a thaispeántar a bheith dlite sa ráiteas sin.

20.3. Déanfar an chéad cheann de na ráitis chuntasaíochta a thabhairt ag deireadh an chéad tréimhse iomlán díreach tar éis chéadscaoileadh an Chláir agus measfar é a bheith ina cheangal ar gach páirtí sa Chomhaontú mura rud é go ndéanfaidh an Léiritheoir, laistigh de 90 lá ó aon ráiteas a fháil, a iarraidh go ndeimhneoidh iniúcháirí TG4 é. Déanfar an deimhniú sin ar chostas agus ar chaiteachas an Léiritheora agus is deimhniú críochnaitheach é agus beidh sé ina cheangal ar na páirtithe go léir sa Chomhaontú.

21. OIBLEAGÁIDÍ AGUS BARÁNTAÍ

Barántaíonn an Léiritheoir, geallann sé agus comhaontaíonn sé, i gcomhar le TG4.

21.1. gurb oibleagáid dhlíthiúil, bhailí agus cheangailteach an Comhaontú is inchurtha i bhfeidhm i gcoinne an Léiritheora de réir a théarmaí;

21.2. roimh shannadh an chóipchirt agus ceart eile a thugtar do TG4 sa Chomhaontú gurbh é an Léiritheoir an t-aon úinéir iomlán, gan eire, dlíthiúil agus tairbhiúil ar an gClár agus ar an Ábhar Seachadta agus go raibh gach ceart sa chéanna, agus air, faighte saor ó aon, agus ó gach, lian éileamh agus eire ach sin faoi réir na gcearta atá ag IMRO i leith an cheoil agus na liricí sa Chlár agus faoina réir sin amháin;

21.3. nach sáraíonn aon ní sa Chlár nó san Ábhar Seachadta aon chearta cóipchirt, cearta trádhaire, cearta príobháide, cearta poiblíochta nó aon chearta eile d'aon chineál eile de chuid aon duine, gnólachta nó cuideachta nó nach mbeidh sé graosta nó leabhaileach nó diamhaslach nó clúmhillteach agus go mbeidh gach comhaontú maidir le húsáid tráchtála ceirníní, téipeanna dlúthcheirníní nó aon ábhar eile d'aon chineál sa Chlár faoi réir ceadú a fháil roimh ré ó TG4 roimh fhorghníomhú;

21.4. go bhfuil, nó go mbeidh ar Seachadadh, faighte ag an Léiritheoir an cearta dochúlghairthe chun ainmneacha, ainmneacha gairmiúla, pictiúir agus beathaisnéis na Foirne Léiriúcháin go léir a úsáid agus chun a nguthanna agus aon ghrianghraif nó taifeadtaí den Fhoireann Léiriúcháin a úsáid sa Chríoch ar feadh thréimhse iomlán an chóipchirt agus gach cearta eile sa chéanna lena n-áirítear gach athnuachan, frithdhílse agus fadú d'fhonn an Clár a shaothrú faoin gComhaontú mar aon le cearta aonair eisiatacha díolacháin i seirbhísí, agus ar sheirbhísí, na Foirne Léiriúcháin maidir leis an gClár agus i dtoradh na seirbhísí sin agus air;

21.5. go mbeidh an Buiséad dá dtagraítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir ina mheastachán iomlán, "bona fide" cruinn den chostas iomlán a ghabhann le léiriúchán an Chláir lena mbaineann sé agus go n-áirítear ann soláthar leordhóthanach do na caiteachais go léir a bhaineann leis an gClár lena n-áirítear, gan teorainn, aon chostas agus gach costas a bhaineann le ceadúnais cheoil agus ceadúnais eile agus caiteachais réamhscailte, phoiblíochta nó chaidreamh poiblí agus muirir úis agus beidh sé leordhóthanach chun a chumasú don Léiritheoir an Clár a chríochnú agus a sheachadadh ar TG4 de réir na n-oibleagáidí a ghlacann sé air féin sa Chomhaontú;

21.6. go ndéanfaidh an Léiritheoir Conarthaí Léiriúcháin maidir leis na Stiúideoanna agus na Suímh agus gach Conradh Léiriúcháin eile go tráthúil de réir an Sceidil Léiriúcháin don Chlár;

21.7. go ngeallann an Léiritheoir polasaithe fostaíochta a ghlacadh agus a fheidhmiú atá ar comhréir le reachtaíocht um chomhionannas deiseanna agus go bhfostóidh sé criú gairmiúil inniúil le haghaidh léiriúchán an Chláir de réir na

ngnáthshocruithe tionscail agus i slí ina gcomhlíonfar reachtaíocht agus rialacháin iomchuí;

21.8. go ndéanfaidh an Léiritheoir, ar iarratas a fháil, cóipeanna de gach conradh, imréiteach, comhaontú agus ábhar eile a bhaineann le léiriúchán an Chláir a chur ar fáil do TG4 agus admhaíonn sé go mbeidh TG4 ag brath ar bharántaí an Léiritheora sa Chomhaontú;

21.9. go ngeallann an Léiritheoir a chinntiú go ndéanfar fógra agus eolas faoi aon fhadhbanna ionchasacha dlí a chur in iúl do TG4 tamall maith roimh chraoladh an Chláir agus roimh cheadú ghearradh deiridh an Chláir ionas gur féidir bearta oiriúnacha a ghlacadh chun dliteanas ionchasach a sheachaint;

21.10. má tharlaíonn aon éileamh, díospóid, caingean, eascaire nó toghairm a éiríonn as an gClár nó i ndáil leis chomhaontaíonn an Léiritheoir agus TG4 sonraí iomlána a thabhairt don pháirtí eile a luaithe is féidir agus ní shocróidh siad aon ní den sórt sin gan dul i gcomhairle leis an bpáirtí eile i dtosach ar choinníoll, áfach i gcás go ndéantar líomhain clúmhillte nó dísbéagtha cúirte go mbeidh TG4 i dteideal déileáil leis an ábhar de réir mar is mian léi;

21.11. gurb é an Léiritheoir an t-aon “údar” agus déantóir an Cláir de réir bhrí an Achta Cóipchirt, 1963, gur duine cáilitheach é, de réir bhrí an Achta sin, gach tráth ábhartha le linn léiriúchán an Chláir;

21.12. go mbeidh faighte ag an Léiritheoir na cearta cóipchirt agus na cearta eile go léir is gá maidir le léiriúchán, dáileadh, taispeáint, fógraíocht agus saothrú an Chláir in aon cheann, agus i ngach ceann, de na meáin ar aon mhodh nó slí sa Chríoch ar feadh thréimhse iomlán na cosanta cóipchirt agus, i gcás na Meán Réamhíochta, gur íocadh gach táille agus íocaíocht d’aon chineál is gá chun a chur faoi deara go ndéantar an Clár a shaothrú go hiomlán (seachas táillí a cheadaítear de bhun mhír 4.3) ach amháin i gcás ina léirítear go sainráite iad sa Bhuiséad nó i gcás ina bhfuil ceadú TG4 tugtha;

21.13. gur clár teilifíse ardchaighdeáin Gaeilge an Clár agus an tÁbhar Seachadta agus gur de shárcháilíocht theicniúil iad is oiriúnach le haghaidh saothrú tráchtála agus go gcomhlíonfaidh siad gach oibleagáid chreidiúna scáileáin agus fógraíochta agus gach oibleagáid eile maidir le tríú páirtithe;

21.14. go mbeidh gach cuid den Chlár cosanta faoi chóipcheart reachtúil agus chóipcheart dlí choitianta i ngach tír ina gcloítear le Coinbhinsiún Berne agus leis an gCoinbhinsiún Cóipchirt Uilechoiteann agus le haon choinbhinsiún iomchuí eile agus, roimh an sannadh do TG4 a dhéantar anseo, gurbh é an Léiritheoir an t-aon úinéir gan eire, dlíthiúil agus tairbhiúil ar an Ábhar Seachadta agus ar na cearta sa Chlár;

21.15. go mbeidh sa Chlár, gach tráth le linn an léiriúcháin, na Gnéithe Riachtanacha agus go gcomhlíonfar iad;

21.16. nach ndéanfaidh an Léiritheoir aon athrú, nó nach gceadóidh sé aon athrú, ar aon dráma scáileáin nó script do lucht scannánaithe ná ar aon ábhar

liteartha eile atá ceadaithe ag TG4 ar shlí a d'fhéadfadh athrú a dhéanamh ar nádúr nó carachtar an Chláir nó nach n-athrófar teideal an Chláir gan toiliú a fháil i scríbhinn ó TG4 roimh ré;

21.17. go ndéanfaidh an Léiritheoir, go tráthúil, gach íocaíocht atá dlite do dhaoine atá i dteideal íocaíocht a fháil i leith seirbhísí nó earraí nó saoráidí a thugtar nó a sholáthraítear nó i leith ceart a dheonaítear i leith an Chláir;

21.18. nach mbeidh aon táillí iníoctha ag TG4 i leith aon saothair ceoil atá sa Chlár seachas le IMRO i leith chraoladh an tsaothair ceoil sin ag TG4;

21.19. nach mbeidh aon ní sa Chlár a d'fhéadfadh aon dualgas rúndachta a shárú nó a d'fhéadfadh a bheith ina dhíspeagadh cúirte nó a d'fhéadfadh foráil aon reachta a shárú lena n-áirítear aon fhorálacha de na hAchtanna um Údarás Craolacháin, 1960 go 1993, nó rialacháin arna ndéanamh de bhun na hAchtanna sin;

21.20. go ndéanfaidh an Léiritheoir, gach tráth roimh Sheachadadh agus dá éis forálacha gach Comhaontaithe Ceardchumainn Iomchuí a bhaineann leis an gClár a chomhlíonadh;

21.21. nach ndéanfaidh an Léiritheoir, gan toiliú a fháil i scríbhinn ó TG4 roimh ré, aon eolas d'aon chineál a nochtadh, a sceitheadh nó a phoibliú a mhéid a bhaineann le gnó TG4, leis an gClár nó leis an gConradh um Choimisiúnú Cláir ar nithe iad sin uile a ndéileálfadh an Léiritheoir leo ar bhonn rúnda agus cuirfidh an Léiritheoir faoi deara go ndéanfaidh an Fhoireann Léiriúcháin agus gach duine a ndéanann an Léiritheoir conradh leo maidir leis an gClár an mhír seo 21.21 a chomhlíonadh;

21.22. tar éis Seachadadh, go ndéanfaidh an Léiritheoir gach fearas, gléasra, innealra agus ábhar fisiciúil eile d'aon chineál a bheidh faighte nó cruthaithe ag an Léiritheoir i ndáil leis an gClár a shealbhú ar iontaobhas do TG4 agus geallann an Léiritheoir go seachadfaidh sé agus/nó go gcuirfidh sé ar fáil an t-ábhar sin d'aon tríú páirtí arna ainmniú ag TG4 agus geallann sé gach ábhar den sórt sin a choimeád in áit shábháilte dhaingean agus i ndea-riocht agus comhaontaíonn sé gach ábhar den sórt sin a choimeád faoi árachas iomlán ar théarmaí lena socraítear gurb é TG4 an t-íocaí i gcás cailleanais agus tuigtear go n-iompróidh TG4 costas ceadaithe an árachais sin;

21.23. geallann an Léiritheoir TG4 a shlánú agus TG4 a choimeád faoi shlánaíocht gach tráth ar gach caingean, imeacht, éileamh, costas (lena n-áirítear, gan dochar do ghinearáltacht na forála seo, costais dlí TG4 ar bhonn aturnae agus cliaint dhílis), dámhachtain, damáiste a éiríonn go díreach nó go hindíreach as aon sárú nó neamhchomhlíonadh ag an Léiritheoir maidir le haon ghealltanais, barántaí nó oibleagáidí de chuid an Léiritheora faoin gComhaontú.

22. LEABHAIR AGUS TAIFID

22.1. Barántaíonn an Léiritheoir go bhfuil nochtadh iomlán cothrom déanta aige do TG4 maidir le gach socrú conarthach a bhaineann leis an gClár agus maidir le gach ceart agus leas de chuid an Léiritheora agus a Chomhlach i leith ceart maoinne, seirbhísí nó saoráidí a úsáidtear i ndáil leis an gClár.

22.2. Geallann an Léiritheoir agus comhaontaíonn sé taifid agus leabhair chuntais iomlána, chruinne agus chuí a choimeád maidir le léiriú an Chláir mar aon le gach sonrasc, dearbhán, admháil agus taifead eile a thugann fianaise ar chaiteachais agus muirir arna dtabhú maidir le léiriúchán an Chláir. Geallann an Léiritheoir na taifid léiriúcháin sin a choimeád agus a chothabháil ar feadh na tréimhse 3 bliana tar éis sheachadadh an Chláir nó ar feadh cibé tréimhse is faide ná sin a iarrfaidh TG4 má dhéantar an iarraidh sin roimh dheireadh na tréimhse sin.

22.3. Beidh an ceart ag TG4 aon tráth ar fhógra réasúnach a thabhairt roimh ré gach leabhar agus taifead a bhaineann leis an gClár a scrúdú agus a iniúchadh agus cóipeanna a thógáil díobh.

22.4. Geallann an Léiritheoir go gcuirfidh sé faoi bhráid TG4, laistigh de 60 lá ó Sheachadadh an Chláir, ráiteas mionsonraithe ina luaitear na hítimí go léir a bhaineann le Costas Léiriúcháin an Chláir agus arna dheimhniú ar iarratas ó TG4 ag gnólacht cuntasóirí arna cheadú ag TG4 agus ina bhfuil cur síos mion ar gach suim a caitheadh iarbhír maidir le léiriúchán an Chláir. Más rud é go bhfuil Clár ina chuid de shraith Clár déanfar an tréimhse dá dtagraítear thuas a ríomh le héifeacht ó Sheachadadh an Chláir dheireanaigh i ngach luchtóg nó grúpa arna ainmniú ag TG4 chun críocha cuntasáíochta.

22.5. Beidh ag gabháil le ráiteas Chostas Léiriúcháin an Chláir Foirm um Chartlann Eolais na gClár ina mbeidh sonraí faoi chéannacht, sheoltaí agus théarmaí iomchuí fostaíochta conarthaí gach duine a d'fhéadfadh a bheith i dteideal luach saothair cothrom a fháil i ndáil leis an gClár de bhun théarmaí gach reachtaíochta iomchuí lena gcuirtear Treoir 92/100 ón gComhphobal Eorpach i bhfeidhm.

23. FOIRCEANNADH

Is ionann an méid seo a leanas agus séanadh ag an Léiritheoir ar a oibleagáidí faoin gComhaontú agus beidh TG4 i dteideal séanadh den sórt sin a ghlacadh ag foirceannadh oibleagáidí TG4 agus chearta an Léiritheora faoin gComhaontú trí fhógra i scríbhinn, is é sin le rá, más rud é:-

23.1. go bhfuil sárú déanta ag an Léiritheoir ar aon téarma ábhartha den Chomhaontú ar sárú é nach féidir a leigheas nó, más féidir é a leigheas, nach leigheastar laistigh de 7 lá ón tráth a fhaigheann an Léiritheoir fógra i scríbhinn ó TG4;

23.2. go dtarlóidh go bhfaighfear amach go raibh aon cheann d'uiríollacha an Léiritheora maidir leis an gClár mícheart tráth a dhéanta nó go dtiocfaidh sé nó siad chun bheith mícheart go hábhartha dá mba rud é nach ndéanfaidh aon Léiritheoir réasúnach na huiríollacha sin agus an t-eolas céanna aige an tráth sin;

23.3. go ndéanfaidh an Léiritheoir aon chuid dá shócmhainní a aistriú nó a dhiúscairt nó go ndéanfaidh sé bagairt aon chuid dá shócmhainní a aistriú nó a dhiúscairt agus, dá dhroim sin, gurb é tuairim réasúnach TG4 go gcoiscfear an Léiritheoir, nó go gcuirfear isteach air go hábhartha, a mhéid a bhaineann le comhlíonadh a oibleagáidí faoin gComhaontú;

23.4. maidir le haon fhéichiúnas, ráthaíocht nó oibleagáid den tsamhail chéanna de chuid an Léiritheora nó aon ráthóra de chuid an léiritheora, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dlite, nó gur féidir a dhearbhu é nó í a bheith dlite, roimh an dáta aibíochta a luaitear ina leith nó nach n-urscaoiltear é nó í ag an tráth aibíochta nó go ndéanfaidh an Léiritheoir nó aon ráthóir de chuid an Léiritheora mainneachtain faoi aon chomhaontú, nó sárú ar fhorálacha aon ráthaíochta nó oibleagáide eile (cibé acu iarbhir nó teagmhasach) de chuid aon chomhaontaithe, ar dá bhun a tabhaíodh aon fhéichiúnas, ráthaíocht nó oibleagáid den sórt sin agus dá dhroim sin, gurb é tuairim réasúnach TG4 go ndéanfaidh na nithe sin go léir nó aon cheann acu difear dá cearta agus dá teidil faoin gComhaontú;

23.5. go ndearbhófar an Léiritheoir a bheith, nó go dtiocfaidh sé chun bheith, dócmhainneach;

23.6. go gcomórfaidh an Léiritheoir cruinniú dá chreidiúnaithe nó go molfaidh sé, nó go ndéanfaidh sé, aon chomhshocraíocht nó imshocraíocht lena chreidiúnaithe nó aon sannadh chun tairbhe a chreidiúnaithe nó go dtíolacfar achainí nó go gcomórfar cruinniú chun rún a bhreithniú, nó go nglacfar bearta eile, maidir le foirceannadh an Léiritheora (ach amháin d'fhonn athchóiriú toilteanach nó cónascadh arna cheadú i scríbhinn ag TG4 roimh ré agus gurb é sin a tharlaíonn) nó más rud é go nglacfaidh eireadóir seilbh ar a ghnó nó a shócmhainní go léir nó ar aon chuid de nó díobh nó go gceapfar iontaobhaí, glacadóir, leachtaitheoir nó aon oifigeach den tsamhail chéanna ina leith nó go ndéanfar aon tochtal, forghníomhú nó próis dhlíthiúil eile a thobhach, a bhagairt, a chur i bhfeidhm nó a agairt i leith aon cheann de na hacmhainní sin;

23.7. roimh sheachadadh an Chláir go n-athrófar rialú an Léiritheora gan ceadú a fháil roimh ré ó TG4;

23.8. go mbeidh Imeacht Force Majeure tar éis tarlú agus go leanann sé ar feadh 14 lá as a chéile nó sa chomhiomlán nó gurb é tuairim réasúnach TG4 gur dóigh go mairfidh sé ar feadh na tréimhse sin.

24. CÚRAM A GHABHÁIL

Beidh an ceart ag TG4 déanamh an Chláir a ghabháil chuici féin agus a chríochnú agus na cearta atá leagtha amach i mír 25 a fheidhmiú trí fhógra a

thabhairt don Léiritheoir i scríbhinn aon tráth tar éis aon cheann de na nithe seo a leanas tarlú:-

24.1. má chreideann TG4 le hintinn mhaith tar éis dul i gcomhairle leis an Léiritheoir, ach de rogha TG4 amháin, gur dóigh go rachaidh Costas Léiriúcháin iarbhir an Chláir thar an mBuiséad nó gur dóigh go dtitfidh léiriúchán an Chláir go mór ar gcúl i dtaca leis an Sceideal Léiriúcháin;

24.2. más rud é, aon tráth, go rachaidh iomlán an chaiteachais agus na ndliteanas, arna dtabhú i ndáil le léiriúchán an Chláir, os cionn 110% den chostas buiséadaithe (arna shocrú sa Bhuiséad gan an Táille Léiriúcháin agus Cistí Teagmhasacha, más ann, a áireamh) don chéim den léiriúcháin atá sroichte ag an gClár an tráth sin nó go dtitfidh léiriúchán an Chláir go mór ar gcúl i dtaca leis an Sceideal Léiriúcháin;

24.3. má mhainníonn an Léiritheoir déanamh de réir aon teoracha réasúnacha a thabharfaidh TG4 nó a hlonadaí Léiriúcháin;

24.4. má tharlaíonn Imeacht "Force Majeure" agus go leanann sé ar feadh 14 lá as a chéile nó sa chomhiomlán nó gurb é tuairim réasúnach TG4 gur dóigh go mairfidh sé ar feadh na tréimhse sin;

24.5. má tharlaíonn Imeacht Mainneachtana nó gurb é tuairim réasúnach TG4 go dtarlóidh Imeacht den sórt sin.

25. IARMHAIRTÍ A GHABHANN LE CÚRAM A GHABHÁIL AGUS/NÓ LE FOIRCEANNADH

25.1. Gan dochar do chearta dlíthiúla na bpáirtithe (seachas aon cheart atá ar neamhréir leis na forálacha seo a leanas) is iad na hiarmhairtí a ghabhann le foirceannadh an Chomhaontaithe nó le feidhmiú a cirt gabhála ag TG4 de bhun mhír 24:-

25.1.1.déanfaidh an Léiritheoir aon suimeanna a bheidh i seilbh an Léiritheora chun críocha an Chomhaontaithe tráth an fhoirceanta a aisíoc le TG4 ar iad a éileamh agus tabharfaidh an Léiritheoir do TG4 láithreach ráiteas mionsonraithe ar ioncam agus caiteachas suas go dáta an fhoirceanta, mar aon le sonraí iomlána faoi gach fiach neamhíoctha agus faoi gach gealltanas eile atá amuigh agus nach bhfuarthas aon sonraisc ina leith;

25.1.2.déanfaidh an Léiritheoir gach cuid den Chlár a bheidh críochnaithe agus gach doiciméad, scannán agus fuaimthaifeadtaí, fearais, gléasra, innealra agus ábhar fisiciúil eile d'aon chineál a fuair nó a chruthaigh an Léiritheoir i ndáil leis an gClár suas go dáta an fhoirceanta a sheachadadh ar TG4 nó ar a hainmnitheach ar éileamh chuige sin a fháil ó TG4;

25.1.3.beidh an ceart ag TG4 leas a bhaint as gach maoin, saoráid, soláthar, trealamh, doiciméad agus ábhar fisiciúil a bhaineann leis an gClár;

25.1.4. beidh an ceart ag TG4 nó a hainmnitheach maoirsiú agus rialú ar dhéanamh an Chláir a ghlacadh chuici nó chuige féin agus/nó aon tríú páirtí a cheapadh, agus Conradh a dhéanamh le tríú páirtí den sórt sin, chun léiriúchán an Chláir a chríochnú;

25.1.5. is é TG4 nó aon duine arna ainmniú aici atá, agus a cheaptar chun bheith go dochúlghairthe ina g(h)níomhaire don Léiritheoir agus rogha iomlán agus cumhacht aige chun aon cheart de chuid an Léiritheora (cibé acu faoi aon chonradh nó eile) a bhaineann le déanamh an Chláir a fheidhmiú nó a shannadh thar a cheann;

25.1.6. ar iarraidh a fháil chuige sin déanfaidh an Léiritheoir sannadh foirmiúil a fhorghníomhú i bhfabhar TG4 nó a hainmnithigh i leith thairbhe aon chomhaontuithe arna ndéanamh ag an Léiritheoir agus a bhaineann le déanamh an Chláir;

25.1.7. comhaontaíonn an Léiritheoir TG4 a shlánú in aghaidh dliteanais a éireoidh as aon ghníomh nó neamhghníomh calaoiseach nó faillíoch de chuid an Léiritheora le linn cearta an Léiritheora a fheidhmiú ar choinníoll go bhféadfaidh TG4, más rud é go gcinfidh sí, dá lánrogha féin amháin, nach féidir an Clár a chríochnú ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de, tréigean léiriúchán an Chláir a dhearbhu trí fhógra a thabhairt don Léiritheoir i scríbhinn.

25.2. I gcás ina dtarlaíonn foirceannadh tar éis sárú ag an Léiritheoir, má mhéadaítear an costas iomlán a ghabhann le críochnú an Chláir de réir an Chomhaontaithe íocfaidh an Léiritheoir an costas breise le TG4 trí asbhaint ó aon airgead is iníoctha ag TG4 leis an Léiritheoir nó mar ghnáthfhiach is iníoctha ar é a éileamh ar choinníoll nach bhfágfaidh aon ní atá sa mhír seo go ndlífidh an Léiritheoir íoc as aon ghné de Chostas Léiriúcháin aon Chláir mas rud é go bhfuil costas na ngné sin iomarcach agus gur thabhaigh TG4 nó a hainmnitheach an costas sin go neamhréasúnach.

25.3. Mura bhforáiltear a mhalairt beidh foirceannadh an Chomhaontaithe gan dochar do dheonú ceart ná do na barántaí agus na gealltanais a thug ceachtar páirtí ná do gach oibleagáid agus slánaíocht eile a d'éirigh nó a tugadh roimh fhoirceannadh agus leanfaidh gach ceann acu d'fheidhm agus d'éifeacht iomlán a bheith acu tar éis foirceannadh d'ainneoin foirceannadh a bheith déanta.

26. MÍNITHE

26.1. Déanfar na focail agus na habairtí dá dtagraítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir a fhorléiriú maidir leis an gClár de réir na sonraí ábhartha atá leagtha amach sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir agus beidh na bríonna seo a leanas leis na focail agus na habairtí seo a leanas:-

“Ábhar Poiblíochta”

Ábhar poiblíochta agus ábhar eile maidir leis an gClár ar ábhar é is gnách le TG4 a cheangal ar léiritheoirí neamhspleácha a sholáthar de bhun comhaontuithe coimisiúnaithe.

“Ábhar Seachadta”

Na hábhair sin maidir leis an gClár a shonraítear i bhFoilseán 3 a ghabhann leis an gConradh um Choimisiúnú Cláir.

“Ábhar Tríú Páirtí”

Aon ábhar agus gach ábhar atá corpraithe, nó a bheartaítear a chorprú, sa Chlár ar ina leith atá aon chearta cóipchirt nó cearta eile d’aon chineál dílsithe i dtríú páirtithe nó faoina rialú.

“Aisíoc”

TG4 d’fháil aisíoch maidir le gach suim arna airleacan ag TG4 i gcomhair léiriúchán an Chláir mar aon le hús de réir meánráta DIBOR áirithe thar an tréimhse iomchuí móide 2½%.

“An Sceideal Sreabhaidh Airgid”

An Sceideal Sreabhaidh Airgid atá i gceangal leis an gConradh um Choimisiúnú Cláir mar Fhoilseán 2.

“Buiséad”

An Buiséad atá i gceangal leis an gConradh um Choimisiúnú Cláir mar Fhoilseán 1.

“Caiteachais Dáiliúcháin”

Gach táille agus caiteachas de chuid an Dáileora, TG4 agus a sannaithe agus ceadúnaithe i ndáil le dáileadh agus/nó saothrú an Chláir agus gach íocaíocht d’aon chineál i ndáil le húinéirí ceart, taibheoirí agus tríú páirtithe eile d’aon tuairisc a éireoidh nó, a bheidh le déanamh maidir le dáileadh agus/nó saothrú an Chláir lena n-áirítear, gan teorainn, táillí dáiliúcháin TG4 nach rachaidh thar 30% de na hollfháltais agus aon oll-iarchur airgid agus oll-iarchur teagmhasach agus gach ceann acu agus páirteachais in ollfháltais nó i nglanbhrabúis cibé acu atá an céanna ina méid cinnte nó atá siad bunaithe ar chéatadán d’ollfháltais nó de ghlanbhrabúis agus cibé acu atá an céanna ina n-oibleagáidí dochta nó atá siad teagmhasach ar fháltais an Chláir.

“Cistí Barrachais”

Aon ghearrchaitheamh maidir leis an mBuiséad arna chinneadh ag TG4 de bhun mhír 11.

“Cistí Teagmhasacha”

Airgead atá ainmnithe sa Bhuiséad lena úsáid i ndáil le hÍtimí Teagmhasacha amháin.

“Clár”

An clár nó na cláir atá ina ábhar nó ina n-ábhar den Chonradh um Choimisiúnú Cláir.

“Comhaontú”

Aon Chonradh um Choimisiúnú Cláir ina gcorpraítear na Téarmaí Trádála seo agus aon sceideal agus ceangaltáin agus foilseáin, agus gach ceann acu, atá i

gceangal leis an gConradh sin nó corpraithe ann trí thagairt a bheith ann dóibh.

“Comhaontuithe Iomchuí Ceardchumainn”

Aon chomhaontú ceardchumainn a d’fhéadfadh baint a bheith aige le léiriúchán aon Chláir.

“Comhlach”

Aon chuideachta nó duine atá comhlachaithe, go díreach nó go hindíreach, leis an Léiritheoir nó faoina rialú díreach nó indíreach agus aon fhochuideachta nó cuideachta shealbhaíochta nó eintiteas bainteach eile a chur san áireamh.

“Conarthaí Léiriúcháin”

Aon chomhaontú agus gach comhaontú a dhéanann an Léiritheoir maidir le haon cheann de na Gnéithe Riachtanacha, leis an bhFoireann Léiriúcháin, leis an Suíomh, leis an Stiúideo nó le haon ní eile a bhaineann leis an gClár.

“Conradh um Choimisiúnú Cláir”

An conradh um choimisiúnú cláir a fhorghníomhaíonn TG4 agus an Léiritheoir agus a bhfuil na Téarmaí Trádála seo i gceangal leis agus corpraithe ann.

“Costas Léiriúcháin”

An costas iomlán díreach agus indíreach a ghabhann le réamhléiriúchán léiriúchán iarléiriúchán agus sechadadh an Chláir lena n-áirítear, gan teorainn, an costas a ghabhann le gach obair forbartha agus gach buncheart a fháil.

“Creidiúint Scáileáin”

Cibé creidiúint (más ann) a shonraítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir.

“Críoch”

Gach tír sa domhan.

“Cuntas Léiriúcháin”

Cuntas bainc ar leithligh in ainm an Léiritheora agus ina n-aithnítear an Clár trína ainm a lua agus arna bhunú faoi shainordú ina luaitear go ndéanfar gach suim a íocfar isteach sa chuntas a shealbhú ar iontaobhas do TG4.

“Dáileoir”

Aon duine a dhéanann aon socruithe dáiliúcháin nó ceadúnaithe le TG4 i leith an Chláir.

“Dáta Seachadta”

An dáta a shonraítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir.

“DIBOR”

Ráta Oíche Idirbhainc Bhaile Átha Cliath.

“Foireann Léiriúcháin”

Na príomhoirfidigh go léir agus an fhoireann go léir a thugann seirbhísí nó a sholáthraíonn earraí, saoráidí nó airgeadas i leith an Chláir nó an Ábhair Seachadta.

“Foirm um Chartlann Eolais na gClár”

An fhoirm eolas sin a shonróidh TG4 ó am go chéile.

“Glanbhrabúis”

100% de na Glanfháltais a bheidh fágtha tar éis Aisíoc.

“Glanfháltais”

100% de gach suim a fhaigheann TG4 iarbhir i leith an Chláir tar éis na Caiteachais Dáiliúcháin a asbhaint.

“Gnéithe Riachtanacha”

Na gnéithe sin a shonraítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir.

“Imeacht Force Majeure”

Aon ghníomh nó imeacht atá lasmuigh de rialú an Léiritheora nó TG4 agus a chuireann isteach, nó ar dóigh dó cur isteach, ar léiriúcháin aon Chláir.

“Imeacht Mainneachtana”

Aon cheann de na himeachtaí a shonraítear i mír 23.

“IMRO”

Irish Music Rights Organisation

“Ionadaí Léiriúcháin”

An duine nó na daoine sin a bheidh ceaptha ag TG4 i ndáil leis an gClár.

“Ítimí Teagmhasacha”

Imthosca dochracha a d’fhéadfadh a bheith ann agus a aithnítear sa Bhuiséad lena n-áirítear, gan teorainn agus ar mhodh sampla amháin, droch-aimsir, easláinte, taisteal neamhphleanáilte.

“Léiritheoir”

Ciallaíonn an Léiritheoir an “Léiritheoir” a ainmnítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir.

“Meáin Réamhíoctha”

Na cearta craolacháin sin agus na cearta eile dá dtagraítear i míreanna 17.2, 17.3 agus 19.1.

“Sceideal Léiriúcháin”

An sceideal do léiriúchán an Chláir atá i gceangal leis an gConradh um Choimisiúnú Cláir mar Fhoilseán 4.

“Seachadadh”

Seachadadh an Ábhair Seachadta ag an Léiritheoir de réir fhorálacha an Chomhaontaithe.

“Sonraíochtaí Teicniúla”

Na sonraíochtaí teicniúla atá i gceangal leis an gConradh um Choimisiúnú Cláir mar Fhoilseán 5.

“Stiúideonna”

Cibé stiúideonna (más ann) a shonraítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir.

“Suímh”

Na suímh sin (más ann) a shonraítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir.

“Táille Léiriúcháin”

An táille sin (nó na táillí sin) ar cuid den Bhuiséad í (nó iad) agus a shonraítear sa Chonradh um Choimisiúnú Cláir.

“Téilifís”

Gach córas teilifíse ina ndéantar soláthar maidir le cláir theilifíse a dháileadh ar lucht féachana, trí dháiliúchán domhanda, saithlíte, cábla agus MMDS agus trí chórais theicniúla dáiliúcháin eile, ar bhonn saor in aisce, íocaíochta nó síntiúis.

26.2. Déanfar aon tagairt sa Chomhaontú d’aon reacht nó d’aon fhoráil reachtúil a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn an reacht sin nó an fhoráil reachtúil sin arna leasú, arna mhodhnú, arna leathnú nó arna athachtú ó am go chéile cibé acu roimh dháta an Chomhaontaithe nó dá eis agus do gach ionstraim, ordú agus rialachán reachtúil arna ndéanamh de thuras na huaire dá bhun nó a fhaigheann bailíocht uaidh.

26.3. Mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt áireofar an uimhir iolra i bhfocail atá san uimhir uatha agus vice versa.

26.4. Ciallaíonn an focal “cóipcheart” an cóipcheart agus an ceart deartha iomlán atá ar marthain faoi dhlíthe na hÉireann agus gach ceart ar aon dul leis atá ar marthain faoi dhlíthe gach dlínse ar fud an domhain.

26.5. Measfar go bhfolaíonn an focal “Clár” aon fhuaimthaifeadadh agus gach fuaimthaifeadadh a áirítear i bhfuaimrian an Chláir agus aon sliocht agus gach sliocht as fuaimthaifeadtaí agus/nó scannáin eile a chorpráitear sa Chomhaontú.

26.6. Mura luaitear a mhalairt beidh an t-am ina bhuntréith chun críocha chomhlíonadh oibleagáidí an Léiritheora faoin gComhaontú.

26.7. Mura luaitear a mhalairt, aon tagairtí do chlásail, d’fhochlásail, d’fhomhíreanna do sceidil, d’iarscríbhinní agus d’fhoilseáin baineann siad leis na Téarmaí Trádála seo.

27. GINEARÁLTA

27.1. Rúndacht

Geallann an Léiritheoir rúndacht a choimeád i leith théarmaí an Chomhaontaithe agus an Chonartha um Choimisúinú Cláir. Ní choisfidh an dualgas rúndachta sin ar aon eagraíocht ghairmiúil a bheith páirteach in uiríollacha a bheidh á ndéanamh chuig TG4 ná i gcomhráite a bheidh ar siúl le TG4.

27.2. Fógra

27.2.1 Aon fhógra nó doiciméad eile is gá a thabhairt faoin gComhaontú nó aon chumarsáid idir na páirtithe maidir le haon cheann d'fhorálacha an Chomhaontaithe beidh sé i scríbhinn i nGaeilge agus measfar go mbeidh sé tugtha go cuí má tá sé sínithe ag oifigeach cuí-údaraithe, nó thar ceann oifigeach cuí-údaraithe, an pháirtí a bheidh ag tabhairt an fhógra agus má fhágtar é ag seoladh an pháirtí a bheidh ag fáil an fhógra sin mar atá leagtha amach ag tús an Chomhaontaithe, nó mar a bheidh curtha in iúl idir na páirtithe chun críocha na míre seo, nó má chuirtear chuig an seoladh sin é leis an bpost cláraithe réamhíoctha nó leis an bpost seachadta chláraithe nó le teiléacs, le teileagram, le cábla, le tarchur facs nó le modh eile teileachumarsáide i mbuanchruth scríofa.

27.2.2. Measfar aon fhógra nó cumarsáid eile den sórt sin a bheith tugtha agus faighte ag an seolaí:-

an tráth a fhágtar an ceanna ag seoladh an pháirtí a bhfuil sé le seirbheáil air nó a thugtar d'ionadaí an pháirtí sin é;

leis an bpost ar an lá, nach Satharn, Domhnach ná Lá Saoire Poiblí in Éirinn, a thiteann dhá lá tar éis an dáta postála;

i gcás teiléacas, teileagram, cábla, tarchur facs nó modha eile teileachumarsáide an chéad lá eile.

27.2.3. Le linn a chruthú gur tugadh fógra is ceart gur leor a chruthú gur fágadh an fógra nó go raibh an seoladh ceart ar an gclúdach ina raibh an fógra agus gur postáladh i gceart é nó go ndearnadh an modh infheidhme teileachumarsáide a sheoladh agus a tharchur i gceart agus gur daingníodh an tarchur agus/nó gur admháíodh é de réir mar a bheidh.

27.3. Intéarfacht

Más rud é go ndéanfaidh Cúirt aon fhoráil den Chomhaontú a thoirmeasc nó a bhreithniú mar fhoráil neamhdhleathach, neamhbhailí nó neamh-inchurtha i bhfeidhm déanfar an fhoráil sin a théarbhadh ón gComhaontú go feadh an mhéid is gá agus fágfar gan éifeacht í a mhéid is féidir gan modhnú a dhéanamh ar na forálacha eile den Chomhaontú agus ní dhéanfaidh sé difear, ar aon slí, d'aon imthosca eile ná do bhailíocht nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

27.4. Force Majeure

Ní bheidh ceachtar páirtí faoi dhliteanas don pháirtí eile i gcás mainneachtain aon oibleagáid a chomhlíonadh de bhun an Chomhaontaithe ar mainneachtain í

a éireoidh de dhroim Imeacht Force Majeure tarlú agus ní bheidh aon dliteanas ar cheachtar páirtí maidir le haon chaiteachais nó cailteanais, cibé acu díreach nó iarmhartach nó eile, a fhulaingeoidh an páirtí eile de dhroim Imeacht Force Majeure den sórt sin tarlú.

27.5. Gan Oibleagáid Chun Craoladh a Bheith ann

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a fhorchuireann aon oibleagáid ar TG4 an Clár a chraoladh. I gcás nach gcrálfadh TG4 an Clár ansin críochnóidh an téarma 5 bliana agus 7 lá dá dtagraítear i míreanna 17.1 agus 17.2 de na Téarmaí Trádála seo agus i míreanna 5.1 agus 6.1 den Chonradh um Choimisiúnú Cláir 5 bliana agus 7 lá ó dháta an Chomhaontaithe.

27.6. Comhaontú Iomlán

Áirítear sa Chomhaontú an chomhthuisctint chríochnaithe go léir idir na páirtithe agus glacann sé ionad gach socraithe agus comhthuisceana roimhe sin cibé acu scríofa nó ó bhéal a bhaineann le hábhar an Chomhaontaithe agus ní fhéadfar é a athrú ach amháin le hionstraim i scríbhinn arna síniú ag na páirtithe go léir eile sa Chomhaontú.

27.7. Tarscaoileadh

Maidir le haon mhainneachtain nó moill de chuid aon cheann de na páirtithe sa Chomhaontú i ndáil le feidhmiú aon chirt, cumhachta, pribhléide nó leighis a sholáthraítear faoin gComhaontú ní oibreoidh sé mar tharscaoileadh aon chirt, cumhachta, pribhléide nó leighis den sórt sin nó mar tharscaoileadh aon sáráithe roimhe sin nó ina dhiaidh sin ag an bpáirtí eile sa Chomhaontú ná ní choisfidh aon fheidhmiú aonair nó pairteach ar aon cheart, cumhacht, pribhléid nó leigheas feidhmiú eile nó breise ar an gceart, ar an gcumhacht, ar an bpribhléid nó ar an leigheas sin nó ar aon cheart, cumhacht, pribhléid nó leigheas eile a sholáthraítear sa Chomhaontú agus is nithe leithleacha agus carnacha iad sin uile agus níl siad eisiatach óna chéile nó ó aon chearta nó leigheasanna eile atá ar fáil ag páirtí de réir dlí.

27.8. Gan Comhpháirtíocht ná Gníomhaireacht a Bheith ann

Ní mheasfar gur comhpháirtíocht nó comhfhiontar nó conradh fostaíochta idir na páirtithe an Comhaontú. Ní ann d'aon ní a bhunóidh ceapachán an Léiritheora mar ghníomhaire TG4 agus ní dhéanfaidh sé conradh ná ní bheidh sé in ainm is conradh a dhéanamh ar son TG4.

27.9. Dlí Rialaitheach

Beidh an Comhaontú faoi rialú, agus foirléireofar é de réir, dhlíthe na hÉireann arb iad a cúirteanna na cúirteanna dlínse inniúla.